

TOMAS SHIÚNOC.

Sgríobhfaidh mé leitir faoi deinn Mr. Jeitments
le súil is go seasfadh fairplay dom
mé fhágáil sa mbaile go gcaithí an t-Earrach
é féin agus Mr. O Leary
más sa teach fada tá súil acu mé fhágáil
ní measaim go dtatnigheann an sgéal liom
'S níl bean ar an mbaile nach ndéanfadh
mé a beathú mara ndeannainn ach seoladh na ngéabhaí.
Níl bean ar an mbaile dá dtiocfaidh mé isteach aice
nach n-eireochaidh is nach ndéanfaidh dom féasta
an t-im as an gcomhra ar an bhrúithneog
dá róstadh a bhean a tighe bhfuil tú dá gleas dom.
Ná sparáil na fataí atá a lobha sa talamh,
tá an committee farsing i nÉirinn
siúd iad an steamers ag teacht is iad
líonta le brioscaí, min bhuidhe is le treacle.

Is maith mo character is é sgríobhta
ón sagart ag imteacht is ag cruinniú mo dhéirce
Mo speal, mo mhaide ar mo pháidín mór
fada ar mo mhála a bhfuil trí slata déag ann
Deamhain pliabairc bacaigh dá dtiocfaidh i mo
bealach nach ngearraídh mé a phlatha má fhéadaim
Ach leagaim ar mh'fhalaing go mbeidh agam
action ag sugradh na gcailleach is dá dá bpleasgadh.
I mbárach an Domhnach is beidh mise is an
bás agus cuisne againn ag féachaint a chéile.
Beidh an Pápa as an Róimh ann is an
tEaspag as Tuaim is an sean-athair Peadar in éinfeacht.
Ó tá mo shaoghal caithte is gan goir agam seasamh
is gur imtigh na fataí as Éirinn.
Ach Dia atá is na Flathis ná leig mise
chun bealaigh go bhfágá mé mo sháth díobh i néinfeacht.

Tomás Shiúnach a rinne an t-amharan faoi'n droch-shaoghal bhíodh sé ag dul dhul thart ag
súisteoracht ó theach go teach. Corr fhear a bhíodh ina shúisteoir fadó. Bhíodh Tomás
Shiúnach ag súistéarach a bhfad tar éis an droch-shaoghail. Bhí sé ag obair ag bean nach
dtugadh a bhéile dhó go sásamhail. Rinne sé rann lá agus dubhairt leithe é.

A chóta beag bán aniar faoi do lár

Ba mhinic a bhasta sgaoilte
'S mara gcoinnighidh tú an súiste ag obair go teann
'S lag do chuid gráin san oidhche

Níl fhios agam nach domsa atá tú dá innseacht adeir sí le Tomás. Mara bfeilidh an caipín
duit ná caith í adeir Tomás léithe. Thug sí neart le nithe annsin dó